

BOILGIDÍN.

62

Baintreabhach nach raibh aice ach aon mhac amháin. Bhíodar lá istigh ar an teaghlach ag coinnéal comhlúadar le chéile. “Éirigh amach a mháthair, agus féach an bhfeictha tada a dhul chugat aniar.” D’éirigh an chailleach amach agus nuair a tháinig sí isteach, dubhairt sí go raibh mar bheadh piosa den aer a dhul aniar. “Sin iad na cailleacha móra atá ag tigheacht faoi mo choinne-sa”.

Chuaidh sé fhéin suas ar lota a bhí deanta aige fhéin agus ag á na mháthair, i bhfolach, ó na cailleacha móra. Tháinig ceann de na cailleacha móra isteach.

“Cá bhfuil Boilgidín indiu”, adeir sí.

“Níl fhios a’m”, adeir máthair Bhoilgidín.

“Chuaidh sé amach ar ball”.

“Tá mé annseo”, adeir Boilgidín agus é shuas ar an lota.

63

“Ara a Bhoilgidín”, adeir an chailleach, “seo an t-arán agus an t-ím dhuit”.

“Soith a chailleach shalach, tá mo dhóthain agam féin dhe.”

Bhí sí ag gabhail dhó ariamh gur mheall sí anuas den lota é.

“Cá bhfuil an t-arán agus an t-ím anois”, adeir Boilgidín.

“Tá sé thíos i mo mhála”, adeir an chailleach.

“Breathnuigh síos ann go bhfeicidh tú é”.

Bhreachnuigh sé síos sa mála. Chuir an chailleach bos le na thóin agus chaith sí síos sa mála uilig é.

Bhí sé fhéin is í fhéin ag dhul, trí phíosa coille agus í dá iomchar ar a druim sa mála.

“Ní dheachaidh m’athair nó mo mháthair ag siubhal tríd an gcoill seo ariamh nach dtiubhraidís ubhla agus áirne, maide beag agus sgeafóigín chugam”. Ní bheadh sin le rádh agat, tiubhraidh mise ubla, airne, maide beag agus sgeafóigín chugam.”

64

Leag sí an mála ar chloch agus chuaidh sí féin amach ag baint ubhla, airne, maide beag agus sgeafóigín do Bhoilgidín. Bhí sgian bheag ina phóca ag Boilgidín. Ghearr sé poll i dtaobh an mhála agus chuaidh sé fhéin amach trí thaobh an mhála. Lón sé suas an mála le clocha.

Annsin agus nuair a tháinig an chailleach, d’áirduigh sí uirthé an mála cloch. Is gearr a bhí siubhailte leis an mála cloc aice nuair a bhí sí ag fágáil tuirseach.

"Ha, ha", adeir sí, "is trom é Boilgidín."

I gceann sgataimh eile, "tá bloinig i mBoilgidín leis an meachán a bhí ann".

Teach íseal a bhí ag na cailleacha a raibh sé éasgaidh dhul ina mhullach, is bhí an choire ar an teine, ag an gcailleach ag fanacht go dteagadh sí seo agus Boilgidín léithe.

65

Chuaidh sí suas i mullach an tighe agus sgaoil sé rópa an mhála agus sgaoil sí síos an mála cloch sa gcoire, go mbeadh sé marbh is sgólta i néinfeacht. Bhain an mála cloch an tóin as an gcoire, is sgóil sí an chuid eile de na cailleacha, dá raibh timcheall an tealaigh uilig.

"Ghabfaidh mé i mbannaibh nach sgóilfidh sé i mbárach sibh" adeir an chailleach, nuair a tháinig sí isteach. Nuair a bhí píosa den lá i mbárach caithe, d'iarr Boilgidín ar a mháthair éirighe agus a dhul amach ag feachaint ar bhfeiceadh sí tada a dhul aniar.

D'éirigh an chailleach agus chuaidh sí amach. Nuair a tháinig sí isteach, dubhairt sí go raibh mar bheadh píosa den aer ag teacht aniar arís indiú.

66

"Sin í an chailleach mhór", adeir sí.

"Tá sí ag tigheacht faoi mo choinne-sa aríst indiú". Chuaidh sé suas ar an lota.

Nuair a tháinig an chailleach isteach, d'fhiafruigh sí cá raibh Boilgidín. Dubhairt mathair Bhoilgidín nach raibh a fhios aice cá raibh sé.

"Tá mé annseo", adeir Boilgidín agus é shuas ar an lota.

"Go nuas a Bhoilgidín, seo an t'arán agus an t-ím dhuit".

"Soith a chailleach ghrána, tá foighleach agam fhéin dhe".

Mar sin fhéin bhí sí ag gabhail dhó, go dtáinig sé den lota chuite.

"Cá bhfuighidh mé an t-arán is an t-ím anois", adeir Boilgidín.

"Gheobhfaidh tú thíos sa mála seo iad".

"Crom síos ann agus tóg aníos as iad".

Chrom sé síos sa mála.

67

Nuair a fuair sí cromtha síos é, chuir sí a bos le na thóin agus chaith sí síos indiadh a mhullaigh ann é.

D'fháisc sí ruadhóg anois air. Bhuaile sí rópa aniar faoi n-a lár. Níor stop sí anois go dtáinig sí isteach ina tighe sa mbaile leis. Ní hé fearacht cheana é, cheangail sí istigh é. Ba trathnóna Satharin a bhí ann. Bhí na cailleacha móra ag dhul chun an Aifrinn i mbárach, Dia Domhnaigh.

Bhí cailín aca a dtugaidhis Saibhín uirthé, h-iarradh air Shaibhín é bheith rósta, nuair a thiocfaidh said, ón Aifreann gar aon bhall do a bheith rósta ná losgtha, ach é a bheith bruigte deas, go mbeadh sé le n-ithe acab.

Bhí an tuagh aige Saibhín, a bhí ag dhul ag baint an chloiginn dhe.

“Muide níl fhios am-sa cén chaoi a marbhócaidh mé thú, níor mharbhuigh mé aon duine ariamh”.

68

“Ní bheidh tú mar sin” adeir Boilgidín, “ach tabhair dhom an tuagh agus spáinifidh mé dhuit é”. Thug saibhín an tuag dó. “Leag do chloigeann ar an mblac anois”, adeir sé. Leag Saibhín a cloigeann, ar an mblac, go spáinfeadh Boilgidín, dhí cén chaoi a marbhóchadh sí é fhéin.

Tharraing Boilgidín an tuag agus bhain sé an ceann de Shaibhín. Chuir sé ar fhéin anois, a cuid éadaigh. Thosuigh sé ag coicareacht Shaibhín chó maith agus d’fhéad sé, nó go raibh sí bruite aige.

Bhí cat mór ann agus níl uair ar bith dá mbreathnuigheadh sé ar Bhoilgidín nach gcuirfeadh sé straint air fhéin, le Boilgidín. Nuair a fuair Boilgidín, Saibhín dá bruith ceart, sa bpota chuir sé tlú sa teine. Rug sé ar an gcat le bos an t-lú, agus chuaidh an cat de léim ar an lota.

69

Nuair a dhóigheadh é fhéin. Nuair a tháinig na cailleacha móra isteach agus thosuigheadar ag ithe, shíleadar gur bé Boilgidín a bhí acab. Nuair a bhí a ndóthain ithte ag na cailleacha, de Shaibhín, bhí an cat shuas ar an lota i gcomhnaidhe. Sé an port a bhí ag an gcat thuas ar an lota “pis Shaibhín, ar bhirín dá rósta ag na mná”.

Bhí dabhach mór ag na cailleacha a bhíodh, lán d’uisge, a mbíodh said ag ól deoch i gcomhnaidhe aiste.

“Slip-sleap”, adeir cailleach acab. “Tá tart orm fhéin”.

“Slip-sleap”, adeir cailleach eile acab. Tá tart orm fhéin”.

Ní raibh ann ach triúr cailleacha. Chuaidh an triúr ag ól as an dabhach. D’éirigh Boilgidín ina sheasamh, chaith sé an triúr síos, sa dabhach gur bháidh sé sa dabhach iad.

70

Líon sé mála le ór, a bhí cruinnigthe ag na cailleacha, tríd an saoghal ariamh. Bhual sé an mála ar a dhruim, agus níor sgar sé leis gur dtáinig sí i gceann a mháthair. Bhí a dhóthain go deo ag Boilgidín.

12/10/1931